IORRAS

Níṫear comḃrón le Éamon Ó Ciarḋa, Co.C., O.S, Drom. Fód Duḃ, i mbás a aon-driḟiúr, a d'éag i gcaiṫeaṁ na seaċtaine seo caite, i Sasana.

Ní raiḃ mórán eallaċ ná stoc ar tairiscint ag aonaċ Ḃéal an Ṁuirṫid, mar ḃí an lá go dona ar fad. Roiṁe seo, ba ġnáċ leis an aonaċ seo aonaċ na gcapall mar ṫugtaí air, a ḃeiṫ plódaiṫe le caiple agus searraiġ. Ḃí droċ éileaṁ ar an stoc. Ḃí neart caoraċ ar tairiscint agus banḃáin agus ba ionlaoiġ.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Máire Ḃean Uí Ċléiriġ, a d'éag ag a cónaí féin, Sráid Liam, Ḃéal an Ṁuirṫid, in aois a 82 bliana. Baintreaċ Proinsias Ó Cléiriġ, bailíṫeoir rátaí, ab' ea í. Ċuaiġ an soċraid taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, i mḂéal an Ṁuirṫid, go Reilig Ċarn.

Tá Coṁairle Condae Ṁuiġeo ċun an falla ṫart timpeall reilig Poll a' tSoṁais, a ċríoċnú agus tá deontas £2,000 fá ċoinne na h-oibre.

Aimsir fuar geiṁriḋ, agus gála ag siabaḋ treasna na páirce, ḃuaiġ foireann meánscoil Ċloċar na Trócaire, ar foireann Ġairm-scoil Ḃéal an Ṁuirṫid Dé Ceadaoine, le scór, 4-2 i gcoinniḃ 3-1. Cé go raiḃ an páirc fliuċ báite, ḃí uair ṁaiṫ do ṗeil ann. Ḃí luċt na Meánscoile ní b'ḟearr ar feaḋ na h-uaire. Ḃí an Ġairm Scoil rud beag ní b'ḟearr san dara leaṫ, go h-áiṫrid. nuair a ċuir an leaṫ-tosaí deas, L. Lallaiġ isteaċ cúl dioḃṫa. Aċ ḃuaiġ Ó Nualláin, Mac Annraoi, agus Geaċrán, an lá don Meánscoil.

Tá cuid tráiléirí tuaiscirt na hÉireann ag tógáil lastaí breá éisc ṫart timpeall cuan an Inḃir. Tugtar an t-iasc a mbeirtear orṫa go dtí Fleetwood i Sasain.

Tá cuid ṁaiṫ do feilméaraí Iorrais anois taréis innil crúite a ċur isteaċ. Tá ag éirí go breá leo, agus tá siad inann an bainne do láiṁseáil níos tapúla ⁊ a ṡoláṫar don Uaċtarlann. Tátar ag bailiú an ḃainne anois trí lá sa tseaċtain, Dé Luain, Dé Ceadaoin agus Dé hAoine. Tá níos lú bainne á ṫairgeaḋ ó ḋeireaḋ na míosa seo caite, toisc ċom crua agus atá an aimsir.

Tá Seán Ó Ḃeirn, a dtáinig a aṫair agus a ṁáṫair ó Ḃéal an Ṁuirṫid ag dul ar aġaiḋ go tréan in Comluċt Scannán, i Meiricea, agus san am i láṫair, tá sé na leas-uaċtarán Ċumann Díolaċáin do M.G.M. Telefís. Comġáirdeas.

In aois a 88 bliana, d'éag Eiḃlín Ḃean Ní Giolla Ḃuaiġ. ag a cónaí féin, Eanaċ, Ḃéal an Ṁuirṫid. Tugaḋ an corp go Séipéal Ḃárr Ṡáiṁ, an áit ar ġlac an tAṫair Ó Mórḋa, S.C., Carn, leis, agus ċuaiġ soċraid mór léi taréis Aifreann na Marḃ. a léiġ an Canónaċ Cilgallin, S.P., Fód Duḃ, go dtí reilig Tearmon Cara mar ar ḋúirt Sagart na Paráiste agus an tAṫair Ó Mórḋa, na paidreaċa ag an uaiġ. Níṫear comḃrón lena h-inion, Máire Ḃn. Uí Conri, agus a clann mac, Pádraig. Seán, Antoine, Dónal, Peadar, Séamus, Liam agus Míċeál. Fágann sí 52 ua agus 30 iar-ua ina diaiḋ.

Cúis bróin insan gceantar bás Seán Sioḃláin, ag a ċónaí féin, Brioscа, Ḃeannċor Iorras. Fuair sé bás ar an Ċeadaoin, an 24ú mí na Saṁna. Tugaḋ an corp go dtí an Séipéal in Ḃeannċor Iorras, áit ar léiġeaḋ Aifreann Sol-únta na Marḃ. ar son a anama, maidin Dé hAoine. Taréis an Aifrinn, ċuaiġ soċraid an mór leis go reilig Ḃeannċor Iorras. Níṫear comḃrón lena ḋriṫeáraċa agus gaolta.

Ḃí an aimsir go holc ar fad frid Iorras an tseaċtain seo caite. Báisteaḋ an trom Diardaoin agus Dé hAoine, agus sneaċta deireaḋ na seaċtaine. San am ċéanna, ní raiḃ sé ċom h-olc agus a ḃí suas an tír in aice le Baile Áṫa Cliaṫ de réir scéala. Idir Saṁraḋ agus Geiṁreaḋ, tá cosúlaċt ann go ḃfuil aṫrú ag teaċt in aoráid na hÉireann, agus san áit a raiḃ stoirmeaċa agus fuaċt agus báisteaċ go speisialta, san Iarṫar, agus aimsir ṫirim faoi lár na tíre. sé a ṁalairt atá ann anois. Ba ċeart úsáid a ḃaint as seo fá ċoinne turasóireaċta, agus deireaḋ a ċur leis an smaoineaṁ go mbíonn sé i gcónaí ag cur insan Iarṫar.

CÓRAS UISCE AĊLA

Sa Dáil, d'fiafraiġ an tUasal Ó hEaḋra. T.D., don Aire Rialtas Áitiúil céard is cúis leis an ṁoill ar soláṫar leaṫnaiṫe do córas uisce Aċla. Agus an ḃféaċfaḋ sé ċuige go mbeiḋ soláṫar ar fáil ċom luа agus is féidir.

D'ḟreagair Niall Ó Bléine, T.D., go dtug sé údarás ċeana don réiṁ-ṫuarascáil agus na tarraiceoireaċtaí fá ċoinne céim 2, agus 3, do scéim réagúnaċ soláṫar uisce leaṫnaiṫe do Oileán Aċla. Tug sé, adúirt an tAire, gur iarr Coṁairle Condae Ṁuiġeo ar an Innealtóir Coṁairlíteaċ doiciméidí conarṫa a ullmú do na céimeanna seo. Tá moill ar scrúdú na réiṁṫuarascála agus na tarraiceoireaċtaí fá ċoinne Céim 4, ag fanaċt le tuilleaḋ eolas ar ġnéiṫe áiṫrid den ṁolaḋ ón Ċoṁairle Condae.

An tUasal Ó hEaḋra — An féidir leis an Aire a rá cé'n uair a ḋéanfar críoċnú na h-oibre?

Niall Ó Bléine, T.D.—Tá eagla orm naċ ḃfuil tuairim agam. Tá cuid de na tuarascála ag an ċéad céim, agus cuid ar aġaiḋ go maiṫ, agus ní ṫiocfaiḋ liom ṫomais a ḋéanaṁ.

An tUasal Ó hEaḋra — An gcuiṁneóiḋ an tAire gur ceann de na h-ionaid saoire is táḃaċtaí dá ḃfuil againn, Oileán Aċla, agus féaċaint ar gaċ caoi is féidir go raċfaiḋ an Coṁairle Condae ar aġaiḋ leis an obair. Tá an scéim seo ag teastáil go géar ón pobal.

An tUasal Ó Bléine — Tá an Coṁairle ag obair ar seo san am i láṫair. Tá an Teaċta na ḃall don Ċoṁairle Condae agus is dóċa, ag déanaṁ a ċuid féin den ḃrú.

TAOIDE BARRLÁN

Figiúiri fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
4-12-65	2.29	14.41	1.47	13.58	0.12	12.43
5	3.15	15.29	2.32	14.46	1.09	13.35
6	3.58	16.13	3.15	15.30	1.58	14.23
7	4.38	16.57	3.55	16.14	2.44	15.08
8	5.18	17.38	4.35	16.55	3.29	15.51
9	5.58	18.22	5.15	17.39	4.12	16.35
10	6.40	19.07	5.57	18.24	4.56	17.18

ACAILL

Ḃí gála gaoiṫe agus báisteaċ ṁillteanaċ ar fad deireaḋ na seaċtaine seo caite. Ḃí tuillteaċa in go leor áiteaċa frid an oileán, agus ḃí an ḃáisteaċ ċom trom. agus nár ḟéad na hiascairí dul na farraige, cé go ḃfuil scadáin ar fáil, dá mbeaḋ an ḟarraige feiliúnaċ.

Ag cruinniú de umĊann Drámaíoċta Aċla, oíċe Aoine seo ċaite, an 28ú mí na Saṁna. in halla na paróiste, pléaḋ ceist polasaí agus léiriṫe na bliana seo ċugainn. Ċoṁ maiṫ leis sin, cinneaḋ go mbeaḋ léiriú go speisialta, mar cuiṁneaċán 50 bliain, Éirí Amaċ, 1916.

Ḃí cruinniú an tseaċtain seo caite idir iascairí Aċla agus ionadaí ó Ḃord Iascaiġ Ṁara, i gCaṫair na Mart. Ḃí ionadaí an Ḃoird lán t-sásta le ċoṁ maiṫ agus ḃí tionscail na hiascaireaċta ag dul ċun cinn in Acaill, agus tugaḋ leide go mbeaḋ méadú eile ar an ċaḃlaċ iascaireaċt gan mórán moille.

Ḃí diomá ar luċt peile anseo gur ṫeip coṁ h-olc ar foireann Ṁuiġeo i gcoinniḃ na Gaillime, agus meastar go mbeiḋ aṫraiṫe móra ag teastáil sula mbíonn Muiġeo inann dul níos airde imeasc na gcondaeṫa an ḃliain seo ċugainn.

Cúis bróin sa gceantar, an scéala gur éag M. Ó Ḃeirn, iarġárda, a ḃí na ċónaí le tamall i gCaṫair na Mart. Ba as Sliaḃ Mór, Acaill, é. Níṫear comḃrón lena ḃean, Áine Ḃean Uí Ḃeirn, agus a ṫriúr mac, Pádraic, Seán agus Daiṫí, agus a iníon, Máirín.

Coṁġáirdeas le Niall Ó Loingsiġ, B.Comm., H.Dip.Ed., a ḃí ag teagasc i gCluan Meala le dá ḃliain, agus a ceapaḋ go dtí Gairmscoil Baile Ċaṫail le déanaí. As an Gleann é, in Acaill, ⁊ ḃí sé na ṗeileadóir cliste do Acaill, agus ḃuaiġ sé bonn le foireann Naoṁ Seosaiṁ i gCorn Scannláin anuraiḋ.

Tá foireann sóisear Aċla caillte go h-olc leis an imirce. Tá seaċtar den ḟoireann a ḃuaiġ an ċraoḃ imiṫe as an gceantar anois. Ní fada eile go dtí naċ mbíonn foireann ar biṫ in áiteaċa mar Acaill, má leanann an imirce mar atá.

GAOṪ SÁILE

Is trua na daoine ón Ġaeltaċt a ḟeiscint ag fágáil na tíre. Le déanaí, d'imiġ beirt deirḟiúr, cailíní óga, ón ċeantar, le dul go Nua Eaḃraċ. Ba iad Máire Seosaiṁín, agus Caitlín Ní Ṁaolaircaiġ, iníonaċa do Seán Ó Maolaircaiġ agus a ḃean, Gaoṫ Sáile. Sul ar imiġ siad ḃí an ḃeirt acu ag obair san ionad cniotála, Gaoṫ Sáile. Guímíd gaċ ráṫ orṫa ṫar farraige.

Tá Cumann Drámaíoċta Gaoṫ Sáile ag déanaṁ a gcionn féin le Béarla a ċur ċun cinn san ċeantar seo. Le linn na h-Aidḃinte, léireóiḋ siad dráma Béarla trí-raḋarc anseo. Meastar go gcaḃróiḋ sé go mór leis an mBéarla a ḟeaḃsú ag na daoine naċ ḃfuil sé acu.

Ba ċúis ṁór bróin insan gceantar go léir, nuair a ṫáinig an scéal brónaċ gur éag Uinsionn Ó Muineaċáin, in aois a 18 bliain. ag na ċónaí féin, in Duḃ Orc, Gaoṫ Sáile. Ḃí meas mór ag gaċ duine, óg agus aosta, air, agus is ċailliúint an ṁór é dá teaġlaċ agus dá ċáirde. Iar-scoláire ab ea é do ṁeánscoil Naoṁ Ṁuire, Béal an Ṁuirṫid, agus peileadóir cliúṫaċ le Duḃ Orc, agus le mionúr Iorras anuraiḋ. Tugaḋ an corp go Séipéal Gaoṫ Sáile, agus ċuaiġ soċraid an ṁór ar fad leis taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, a léiġ an tAṫair Ó Giollaḃearraiġ, S.C. Níṫear comḃrón lena ṁáṫair, a ḋeirḟiúr, Ḃean Uí Oráin, Cill Ala, agus a ċeaṫrar driṫeár, Annraoi, Éamon, Pádraic agus Nioclás.

MION RUDAÍ I DTOSAĊ

Ḃí sagart ag siúil síos sráid in Nua Eaḃraċ oíċe ḋorċa. Go tobann ṡeas fear roiṁe agus ḋúirt leis an sagart: "Láṁa suas, tá tú clúdaiṫe agam." Agus ansin le solas lampa sráide, ċonaic sé coiléir an tsagairt. "Ó, gaḃ mo leiṫscéal," arsa seisean. leis an sagart. "An raiḃ rud éigin uait? An mbeiḋ tóitín agat?" arsan sagart. "Ó ní ḃeiḋ," arsa mo ḋuine, ṫug mé suas glan iad don Ċorgas!"

— — — —

Cócaire — Ar ḋúirt siad a ḃaṫ fán ċócaireaċt?

Cailín aimsire úr — Níor ḋúirt, aċ ṫug mé fá dear gur tosaiġ siad ag urnaí sul ar ṫosaiġ siad ag iṫe!

— — — —

Nuair a ċuir fear an tí in aiṫne don comluadar aoí mór na hoíċe a ḃí le labairt leis an cruinniú, ṁol sé go h-árd é—a ṫréiṫe a ċuid oibre, a suáilce. "Cuireann sin i gcuiṁne dom," arsan t-aoi agus aoiḃ an ġáire air, "an fear ar Lá an Ḃreiṫeaṁnais. a ṡáiṫ a ċeann amaċ as an uaiġ, léiġ an feartlaoi ar a leac cuiṁne agus dúirt: 'Bréagnóir uaṫḃasaċ duine éigin, sin nó tá mé féin sa ṗoll contráilte!"

SIN CEIST

Mac óg—Cé'n fáṫ go ḃfuil blagaid ort a Ḋaidí?

Dáidí — Mar go mbíoḋ mo ṁamaí i gcónaí ag déanaṁ bánaí le mo ceann ag rá gur gasúr maiṫ mé!'

— — — —

CUIR I GCÉILL

D'ḟan fear amuiġ ró ḟada oíċe aṁáin agus ḃí cúpla deoċ sa ḃreis aige. Nuair a ṫáinig sé na ḃaile rinne suas a intinn naċ ligfeaḋ sé an cat as an ṁála. Ṡuifeaḋ sé síos sa parlús ag léaṁ mar ḋeaḋ. Rud a rinne sé agus nuair a ṫáinig a ḃean-ċéile isteaċ ċuir sí ceist air, caidé a ḃí sé ag déanaṁ ansin? "A ṫáiscí tá mé ag léaṁ leaḃair," arsa seisean go ciún. "Ara amadáin," arsa sise leis, "Dún an cása sin agus suas a luí leat!"

— — — —

SAṀLAÍOĊT NA HÓIGE

Ḃí cailín beag óg ag dul amaċ maidin ṡeaca aṁáin. Ḃí sé an-ḟuar ar fad agus d'éiríoḋ d' anál amaċ róṁat na néall bán. Go tobann isteaċ 'un tí arís leis an cailín beag agus í i ndeire na péice. Arsa sise le na ṁáṫair: "Ó ṁamaí, féaċ, ṫig liom sa tiotín a ċaiṫeaṁ gan toitín ar biṫ agam!

CLÁR RADIO

Déardaoin—5.1, Liam agus an Tiarna. 5.15, Ceol Rince. 5.30, Three Irish Poets. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Cuiteamh. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, The Pioneer. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

Dé hAoine—5.1, Children at the Microphone. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Dithreabhach Bhun an Ghleanna. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Ad Lib.

Dé Sathairn — 3.01: Rugby:—Leinster v. Ulster. 4.0, After the Match. 4.15, Hello—Allan Shtrman. 5.1, Tunes on the Cordovox. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Music Beyond Compare. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh—10.30, Mass. 11.30, Church of Ireland Service. 12.30, The Church in the World. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Topic Special. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Both Ends of the Candle. 4.25, The Fairy Was Laughing Too! 4.35, Mr. Fetherstone's Shilling. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Seventeen Club. 8.0, Murder Beyond. 9.15, Ceili Music from Munster. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luain — 5.1, Out of Doors. 5.15, Records For Children. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. **Athlone Wavelength:** 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, The Church in the World. 8.30, Books For Advent. 8.45, 8.45, Poetry Anthology. 9.01, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 7.30, Nabucco. 9.50, Schubert. **All Wavelengths.** 10.30, Ceili Music From Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mairt — 5.01, Tinker and Goldeneye. 5.15, Songs For Children. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, At the Villa Rose. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes.

Dé Ceadaoin (Feast of The Immaculate Conception) — 10.30, High Mass. 5.1, Bombo and Bimba. 5.15, Through Many Lands to Bethlehem. 5.30, Birthday Time. 5.45, Na Misiuin Thar Lear. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ctadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Take the Floor in Belfast. 7.30, Break For Music. 8.1, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, Music from the International Rostrum of Composers. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, The Closing of the Second Vatican Council. 10.45, In Poland's Capital. 11.0, Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.